Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú na hArdteistiméireachta 2004

Gaeilge Ardleibhéal

Triail Chluastuisceana

100 MARC

Déardaoin
10 Meitheamh
Tráthnóna, 4.30 go dtí 5.10

Stampa an Ionaid

Don Scrúdaitheoir					
CUID A		**CUID B**		**CUID C**	
Ceist	Marc	Ceist	Marc	Ceist	Marc
1		1		1	
2		2		2	
3		3		3	

SCRÚDUIMHIR

Iomlán na Marcanna

Treoracha d'iarrthóirí

Caithfidh do chuid freagraí uile sa triail seo a bheith i nGaeilge, ach amháin nuair nach gá sin.

Cuid A

Cloisfidh tú ***trí cinn*** d'fhógraí raidió sa chuid seo.
Cloisfidh tú gach fógra díobh FAOI DHÓ. Beidh sos le scríobh na bhfreagraí tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

FÓGRA A hAON

1. **(a)** Cad a bheidh ar siúl Dé Sathairn seo chugainn?

_____

(b) Cén áit a mbeidh an rud sin ar siúl?

_____

2. Cén t-ainm atá ar an dlúthdhiosca?

_____

3. **(a)** Cad atá ar an dlúthdhiosca?

_____

(b) Luaigh rud **amháin** faoi mháthair Mhairéad.

_____

FÓGRA A DÓ

1. Cén t-ainm atá ar an gclár a bheidh ar siúl ar Raidió na Gaeltachta ar an tríú lá d'Aibreán?

_____

2. **(a)** Cén bhaint atá ag Mary Kennedy leis an gclár a chraoltar ar RTÉ 1?

_____

(b) Cén áit arb as don duine sin?

_____

3. **(a)** Luaigh an **dá** ábhar atá ag an duine sin sa chéim.

_____

(b) Luaigh ábhar **amháin** cainte a bheidh á phlé ar an gclár.

_____

FÓGRA A TRÍ

1. Cén post atá i gceist?

_____

2. Luaigh **dhá** cháilíocht nár mhór a bheith ag na hiarratasóirí.

(i) _____

(ii) _____

3. **(a)** Cén obair a bheidh ar siúl ag an té a cheapfar ag an deasc?

_____

(b) Ainmnigh an grúpa de chuid an stáisiúin a mbeidh an té a cheapfar ag obair leo.

_____

Cuid B

Cloisfidh tú ***trí cinn*** de chomhráite sa Chuid seo. Cloisfidh tú gach comhrá díobh TRÍ hUAIRE.
Cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú é ina ***dhá mhír***. Beidh sos le scríobh na bhfreagraí tar éis gach míre díobh. Ina dhiaidh sin cloisfidh tú an comhrá ó thosach deireadh arís.

COMHRÁ A hAON

An Chéad Mhír

1. Cad a d'iarr Jackie ar Oilibhéar a dhéanamh di?

_____

2. Cén fáth nach bhfuil sí sásta leis an bpíosa faoi na Cluichí Oilimpeacha?

_____

3. Cén gaisce a rinne na fir a luaigh Oilibhéar sa mhír seo?

_____

An Dara Mír

1. Cad a mhol Jackie d'Oilibhéar a dhéanamh chun eolas a fháil faoi na daoine a luaigh sí féin?

_____

2. **(a)** Cá mbeidh Jackie ag dul anocht?

_____

(b) Cén bhaint atá ag Eibhlín Ní Scannláin leis an gcinneadh a rinne Jackie?

_____

COMHRÁ A DÓ

An Chéad Mhír

1. Cén fáth ar chuir Seán glaoch ar Shíle?

_____

2. Cén fáth nach féidir léi dul ann?

_____

3. **(a)** Cad a dhéanfaidh sí ar a bealach go dtí an scoil amárach?

_____

(b) Cad a rinne Seán seachtain ó shin?

_____

An Dara Mír

1. Cén fáth a bhfuil Síle cráite go mór?

_____

2. Cén **dá** rogha a mhol Seán di?

(i) _____

(ii) _____

3. Cad a dúirt an múinteoir Eolaíochta léi faoin mBitheolaíocht?

_____

COMHRÁ A TRÍ

An Chéad Mhír

1. **(a)** Cén cheist a d'fhreagair Micheál i gceart?

_____

(b) Cén gaisce a rinne an bhean óg seo anuraidh?

_____

2. Cén áit ar rugadh an bhean óg seo?

_____

An Dara Mír

1. Cén sórt duaise a bhuaigh Micheál?

_____

2. Cén bhaint atá ag Oileán Rhodes leis an scéal seo?

_____

3. Cén tairiscint a thug Micheál do Mháire?

_____

Cuid C

Cloisfidh tú ***trí cinn*** de phíosaí nuachta raidió/teilifíse sa chuid seo.
Cloisfidh tú gach píosa díobh FAOI DHÓ. Beidh sos le scríobh na bhfreagraí tar éis na chéad éisteachta ***agus*** tar éis an dara héisteacht.

PÍOSA A hAON

1. Cén fáth ar tugadh an fear óg seo os comhair na cúirte inné?

_____

2. **(a)** Cén bhaint a bhí ag 'fón póca' leis an scéal seo?

_____

(b) Cén fáth ar stop an carr a bhí á thiomáint ag an bhfear óg?

_____

PÍOSA A DÓ

1. Cén cineál monarchan a d'oscail an tAire inné?

_____

2. Luaigh an **dá** earra a bheidh á ndéanamh sa mhonarcha seo.

_____

3. **(a)** Cad a bhí ar siúl ag Ríona Ní Choistealbha i Meiriceá?

_____

(b) Cad a rinne sí nuair a tháinig sí abhaile?

_____

PÍOSA A TRÍ

1. Cad a bhí ar siúl i dTeach Tábhairne Leo aréir?

_____

2. Ainmnigh áit **amháin** a mbíonn an ceoltóir a luaitear le cloisteáil go minic.

_____

3. Cén bhaint atá ag Mánus Lunny leis an scéal seo?

_____